

# Conas a oibríonn fuinneamh an tsolais

Coincheap—Is cineál áirithe fuinnimh é solas; bíonn gá ag plandaí le solas chun fás

## NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Eolaíochta – Beatha agus Fuinneamh agus Fórsaí

Curaclam Tíreolaíochta – An Comhshaol Nádúrtha

## Turgnamh

### Beidh gá agat le:

- Ollann chadáis
- Trí chlúdach ó phrócaí suibhe
- Síolta pónairí nó cruithneachta
- Dhá bhosca beaga cairtchláir

1. Cuir ollann chadáis i ngach ceann de na trí chlúdach.
2. Cuir roinnt síolta i ngach clúdach.
3. Leag na clúdaigh go léir mar a bhfuil a lán solais.
4. Cuir dóthain uisce leo gach lá chun go bhfanadh an ollann chadáis i ngach clúdach tais.
5. Nuair a bhíonn na plandaí tar éis fáis timpeall 5cm fág clúdach amháin in a lán solais.
6. Cuir an dara clúdach i mbosca beag cairtchláir nach scaoileann aon solas isteach.
7. Cuir an tríú clúdach i mbosca beag cairtchláir agus poll beag (timpeall toise pinn luaidhe) i dtaobh amháin.
8. Cuimhnigh na plandaí a uisciú gach lá.
9. Tar éis seachtaine féach conas mar a d'fhás na plandaí.

Bíonn gá ag plandaí le fuinneamh solais (ón ngrian) chun bia a dhéanamh chun fáis ag úsáid próisis ar a dtugtar fótaisintéis. Sa bhosca ina bhfuil an poll, d'fhás na plandaí i dtreo an phoill - i dtreo an tsolais. Tugtar fótrópacht ar fhás i dtreo solais.

Tagann ár bhfuinneamh go léir ón ngrian. Thaitin sí ar chrainn agus ar phlandaí eile na milliúin bliain ó shin. Fuaireadar sin bás agus lobhadar gur déanadh gual, ola agus gás díobh. Sa lá atá inniu ann taitníonn an ghrian ar bharráí agus ar fhéar, a sholáthraíonn bia do dhaoine agus d'ainmhithe. Is í an ghrian is cionsiocair le patrúin aimsire: téann an ghrian an t-aer agus cuireann ag éirí é, ag cruthú sruthanna aeir nó gaoithe; triomaíonn an ghrian uisce, a athraíonn ina scamail agus a thiteann go talamh ina bháisteach, rud a chuireann na haibhneacha ag sní.

